2026/2075

14.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2075 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Meán Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1108 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Rómáin

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 6510)

(Is é an téacs Rómáinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é an bholgach caorach agus an bholgach gabhar a bhíonn ar ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha. I gcás ráig den bholgach caorach agus den bholgach gabhar in ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair, tá baol tromchúiseach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair a choimeád.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil le hAirteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm laistigh den chrios sin. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseofar leis an gcrios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, crios srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1108 ón gCoimisiún ([4]) faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Rómáin.

(4) Go sonrach, foráiltear le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1108, maidir leis an gcrios srianta, lena gcuimsítear criosanna cosanta, criosanna faireachais, agus criosanna srianta breise atá le bunú ag an Rómáin, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh an crios sin ar a laghad na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, agus maidir leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna cosanta agus faireachais, go bhfuil na criosanna sin le cur i bhfeidhm ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear in Iarscríbhinn I.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1108 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2026 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Rómáin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1015 agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2415 (IO L, 2026/1108, 20.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1108/oj).

(5) Ó rinneadh an leasú deireanach ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1108, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1956 ón gCoimisiún ([5]), tá fógra tugtha ag an Rómáin don Choimisiún, laistigh den tréimhse idir an 20 Lúnasa agus an 7 Meán Fómhair 2026, faoi 12 ráig bhreise den bholgach caorach agus den bholgach gabhar i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair i gcontaetha Brăila, Buzău, Galați, Gorj agus Tulcea. Tá roinnt de na ráigeanna nua sin lonnaithe lasmuigh de na criosanna srianta a bunaíodh cheana mar thoradh ar ráigeanna roimhe sin, is é sin i gcontae Galați, áit nár tuairiscíodh an galar roimhe sin. Mar fhreagairt air sin, tá criosanna cosanta agus faireachais bunaithe ag an Rómáin, ina bhfuil na bearta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 á gcur i bhfeidhm.

(6) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise le haghaidh na Rómáine in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1108, chomh maith le fad tréimhse na mbeart is infheidhme iontu, chomh maith le fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, ba cheart iad a choigeartú chun an ráig nua a chur san áireamh. Dá réir sin, liosta na gcriosanna srianta, agus fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin chomh maith le liosta na gcriosanna, a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, a bhfuil na bearta is infheidhme maidir le criosanna srianta breise le cur i bhfeidhm iontu, agus fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin, is gá iad a leasú.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1108 a leasú dá réir sin.

(8) Tá méid na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise agus fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin bunaithe ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 freisin. Ar na critéir a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le rogha mhéid na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise, chomh maith le fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin, tá breithniú ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin, agus ní hamháin sin ach ar staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar ar chríoch iomlán na Rómáine, agus ar an leibhéal riosca atá ann maidir le leathadh breise an ghalair. Ina theannta sin, maidir le fad tréimhse na mbeart dá bhforáiltear leis an gCinneadh seo, rinneadh é a chinneadh i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta a leagtar amach sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) ([6]).

(9) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar agus i bhfianaise an ghá cosc a chur ar leathadh an ghalair sin a thuilleadh ó bhunaíochtaí atá buailte sa Rómáin go codanna eile den Bhallstáit sin nó go dtí aon Bhallstát eile, is iomchuí go mbeadh feidhm ag na bearta éigeandála a leagtar síos sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo a luaithe is féidir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na nIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1108.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1956 ón gCoimisiún an 20 Lúnasa 2026 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1108 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Rómáin (IO L, 2026/1956, 24.8.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1956/oj).

([6]) https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/.

Airteagal 2

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN I

Cuid A: Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar an ráig deimhnithe

Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	Dáta deiridh infheidhmeachta
Contae Buzău RO-CAPRIPOX-2026-00005 RO-CAPRIPOX-2026-00022	Protection zone: Those parts of Buzău County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 44.916, Long. 27.118 (2026/5), Lat. 44.979, Long. 27.091 (2026/22).	19.10.2026
	Surveillance zone: Those of Buzău, Brăila and Ialomița Counties, contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30 ETRS89 coordinates excluding the areas included in any protection zone Lat. 44.916, Long. 27.118 (2026/5), Lat. 44.979, Long. 27.091 (2026/22).	6.11.2026
	Surveillance zone: Those of Buzău, Brăila and Ialomița Counties, contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30 ETRS89 coordinates excluding the areas included in any protection zone Lat. 44.916, Long. 27.118 (2026/5), Lat. 44.979, Long. 27.091 (2026/22).	20.10.2026-6.11.2026
Contae Iași RO-CAPRIPOX-2026-00006	Protection zone: Those parts of Iași County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 47.173, Long. 27.230 (2026/6).	16.9.2026
	Surveillance zone: Those parts of Iași and Neamț County, contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30 ETRS89 coordinates excluding the areas included in any protection zone Lat. 47.173, Long. 27.230 (2026/6).	4.10.2026
	Surveillance zone: Those parts of Iași County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 47.173, Long. 27.230 (2026/6).	17.9.2026-4.10.2026

Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	Dáta deiridh infheidhmeachta
Contae Gorj RO-CAPRIPOX-2026-00008 RO-CAPRIPOX-2026-00012 RO-CAPRIPOX-2026-00023	Protection zone: Those parts of Gorj County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.030, Long. 23.327 (2026/8), Lat. 45.055, Long. 23.324 (2026/12), Lat. 45.127, Long. 23.638 (2026/23).	19.10.2026
	Surveillance zone: Those parts of Gorj County, contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30 ETRS89 coordinates excluding the areas included in any protection zone Lat. 45.030, Long. 23.327 (2026/8), Lat. 45.055, Long. 23.324 (2026/12), Lat. 45.127, Long. 23.638 (2026/23).	6.11.2026
	Surveillance zone: Those parts of Gorj County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.030, Long. 23.327 (2026/8), Lat. 45.055, Long. 23.324 (2026/12), Lat. 45.127, Long. 23.638 (2026/23).	20.10.2026-6.11.2026
Contae Tulcea RO-CAPRIPOX-2026-00007 RO-CAPRIPOX-2026-00013 RO-CAPRIPOX-2026-00015 RO-CAPRIPOX-2026-00016	Protection zone: Those parts of Tulcea County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.017, Long. 29.006 (2026/7), Lat. 44.997, Long. 28.170 (2026/13), Lat. 45.011, Long. 28.959 (2026/15), Lat. 44.954, Long. 28.173 (2026/16).	7.10.2026
	Surveillance zone: Those parts of Tulcea County, contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30 ETRS89 coordinates excluding the areas included in any protection zone Lat. 45.017, Long. 29.006 (2026/7), excluding the areas contained in the protection zone.	25.10.2026
	Surveillance zone: Those parts of Tulcea County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.017, Long. 29.006 (2026/7).	8.10.2026-25.10.2026

Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	Dáta deiridh infheidhmeachta
Contae Vâlcea RO-CAPRIPOX-2026-00009	Protection zone: Those parts of Vâlcea County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.352, Long. 23.652 (2026/9).	24.9.2026
	Surveillance zone: Those parts of Vâlcea, Sibiu, Alba, Hunedoara and Gorj Counties, contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30 ETRS89 coordinates excluding the areas included in any protection zone Lat. 45.352, Long. 23.652 (2026/9), excluding the areas contained in the protection zone.	12.10.2026
	Surveillance zone: Those parts of Vâlcea County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.352, Long. 23.652 (2026/9).	25.9.2026-12.10.2026
Contae Constanța RO-CAPRIPOX-2026-00010 RO-CAPRIPOX-2026-00011	Protection zone: Those parts of Constanța County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 44.522, Long. 28.747 (2026/10) Lat. 44.577, Long. 28.385 (2026/11).	26.9.2026
	Surveillance zone: Those parts of Constanța Counties, contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30 ETRS89 coordinates excluding the areas included in any protection zone Lat. 44.522, Long. 28.747 (2026/10) Lat. 44.577, Long. 28.385 (2026/11), excluding the areas contained in the protection zone.	14.10.2026
	Surveillance zone: Those parts of Constanța County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 44.522, Long. 28.747 (2026/10) Lat. 44.577, Long. 28.385 (2026/11).	27.9.2026-14.10.2026

Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	Dáta deiridh infheidhmeachta
Contae Brăila RO-CAPRIPOX-2026-00014 RO-CAPRIPOX-2026-00018 RO-CAPRIPOX-2026-00019 RO-CAPRIPOX-2026-00020 RO-CAPRIPOX-2026-00021 RO-CAPRIPOX-2026-00024	Protection zone: Those parts of Brăila County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.416, Long. 27.673 (2026/14) Lat. 45.286, Long. 27.624 (2026/18), Lat. 45.287, Long. 27.626 (2026/19) Lat. 45.283, Long. 27.627 (2026/20), Lat. 45.296, Long. 27.605 (2026/21), Lat. 45.027, Long. 27.829 (2026/24).	20.10.2026
	Surveillance zone: Those parts of Brăila Counties, contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30 ETRS89 coordinates excluding the areas included in any protection zone Lat. 45.416, Long. 27.673 (2026/14), Lat. 45.286, Long. 27.624 (2026/18), Lat. 45.287, Long. 27.626 (2026/19) Lat. 45.283, Long. 27.627 (2026/20), Lat. 45.296, Long. 27.605 (2026/21), Lat. 45.027, Long. 27.829 (2026/24).	7.11.2026
	Surveillance zone: Those parts of Brăila County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.416, Long. 27.673 (2026/14) Lat. 45.286, Long. 27.624 (2026/18), Lat. 45.287, Long. 27.626 (2026/19) Lat. 45.283, Long. 27.627 (2026/20), Lat. 45.296, Long. 27.605 (2026/21), Lat. 45.027, Long. 27.829 (2026/24).	21.10.2026-7.11.2026
Galați RO-CAPRIPOX-2026-00017	Protection zone: Those parts of Galați County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.551, Long. 27.633 (2026/17).	13.10.2026
	Surveillance zone: Those parts of Galați Counties, contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30 ETRS89 coordinates excluding the areas included in any protection zone Lat. 45.551, Long. 27.633 (2026/17).	31.10.2026
	Surveillance zone: Those parts of Galați County contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.551, Long. 27.633 (2026/17).	14.10.2026-31.10.2026

Cuid B: Criosanna srianta breise

Crios srianta breise	Réigiún	Limistéir a áirítear sna criosanna srianta breise a bhunaítear sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	Dáta deiridh infheidhmeachta
Criosanna srianta breise	**Contae Ialomița**	The entire Ialomița, Buzău, Brăila, Iaşi, Neamț, Gorj, Vâlcea, Hunedoara, Tulcea, Constanța, Galați and Vrancea counties, excluding the areas included in any protection or surveillance zone	7.11.2026
	Contae Buzău		
	Contae Brăila		
	Contae Iași		
	Contae Neamț		
	Contae Gorj		
	Contae Vâlcea		
	Contae Tulcea		
	Contae Hunedoara		
	Contae Constanța		
	Contae Galați		
	Contae Vrancea		

IARSCRÍBHINN II

Limistéar	Réigiún	Limistéir dá dtagraítear in Airteagal 1b	Dáta deiridh infheidhmeachta
Limistéir	**Contae Mureș**	The entire Mureș, Cluj, Bistrița-Năsăud, Ialomița, Buzău, Brăila, Iaşi, Neamț, Gorj, Vâlcea, Tulcea, Constanța, Galați and Vrancea counties.	8.11.2026 – 7.12.2026
	Contae Cluj		
	Contae Bistrița-Năsăud		
	Contae Ialomița		
	Contae Buzău		
	Contae Brăila		
	Contae Iași		
	Contae Neamț		
	Contae Gorj		
	Contae Vâlcea		
	Contae Tulcea		
	Contae Hunedoara		
	Contae Constanța		
	Contae Galați		
	Contae Vrancea’		